2025/195

4.2.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/195 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Feabhra 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh feanbúconasóil agus peanconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha feanbúconasól agus peanconasól, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) In 2017 agus 2018, faoi seach, chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuairimí réasúnaithe [2] [3] isteach maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh peanconasóil agus feanbúconasóil i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Shainaithin an tÚdarás roinnt faisnéise faoi tháirgí áirithe mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. An fhaisnéis a bhí ar fáil, bhí sí leordhóthanach don Údarás chun MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh.

(3) In 2019 shocraigh an Coimisiún MRLanna nua le haghaidh feanbúconasóil agus peanconasóil in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, trí na MRLanna sin a choinneáil ar bun ar an leibhéal atá ann cheana nó trí iad a leagan síos ag an leibhéal arna shainaithint ag an Údarás. Luadh bearnaí sonraí in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin ina sonraítear an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh le cur faoi bhráid an Údaráis chun tacú leis na MRLanna atá beartaithe.

(4) Ós rud é nach bhformheastar feanbúconasól san Aontas a thuilleadh, chuir an t-iarratasóir faisnéis thrialach bhreise isteach lena dtugtar aghaidh ar bhearna sonraí maidir le Meitibilítí Trí-asól-díorthaithe (MTDanna) a shainaithin an tÚdarás [4] agus a mheasúnaigh Comhchruinniú shaineolaithe EDS/FAO maidir le hiarmhair lotnaidicídí lena dtacaítear leis na huasteorainneacha iarmhar Codex ('CXLanna') [5] atá ann cheana freisin. Níor tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí i gcás trialacha a cuireadh isteach ar dtús chun na MRLanna sealadacha atá ann cheana a bhunú, MRLanna a bhí níos airde ná an CXL, i gcás barra áirithe. Sna trialacha a cuireadh isteach chun tacú leis na CXLanna, tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí maidir le MTDanna i ndáil le trialacha i gcás seadóg, oráistí, líomóidí, líomaí, torthaí póma, silíní, péitseog agus fraochán. Tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí maidir le MTDanna trí shonraí faoi iarmhair maidir le líomóidí a eachtarshuí.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana a ísliú go dtí leibhéal na CXLanna le haghaidh seadóg, oráistí agus péitseog agus ba cheart é a choinneáil ar bun ag leibhéal na MRLanna atá ann cheana (MRLanna atá ar leibhéal na CXLanna cheana féin) le haghaidh líomóidí, líomaí, mandairíní, torthaí póma, silíní agus fraochán.

---

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] EFSA 2017. Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh peanconasóil de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Iris EFSA 2017;15(6):4853, lch. 56 https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4853.

[3] EFSA 2018. Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh feanbúconasóil de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Iris EFSA 2018;16(8):5399, lch. 51 https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5399.

[4] EFSA 2023. Meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh feanbúconasóil. Iris EFSA, 21(8), lgh. 1-44. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8205.

[5] Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), 2016. *Submission and evaluation of pesticide residues data for the estimation of Maximum Residue Levels in food and feed. Pesticide Residues. 3rd Edition. FAO Plant Production and Protection Paper 225*, lch. 298.

(6) Níor tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí maidir le teacht chun cinn na MTDanna le haghaidh feanbúconasóil i gcás cnónna crann, fíonchaora boird agus fíona, mónóg, bananaí, piobar, síolta lus na gréine, piseanna talún, síolta ráibe, eorna, seagail agus cruithneachta. Dá bhrí sin, na MRLanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh na dtáirgí sin, ba cheart iad a ísliú go dtí an teorainn chinnidh, seachas i gcás cnónna crann atá ag an teorainn chinnidh cheana féin.

(7) Níor cuireadh isteach sonraí maidir le trialacha agus teacht chun cinn MTDanna i gcás feanbúconasóil le haghaidh aibreog, plumaí agus guird a bhfuil craiceann inite agus do-ite acu. Dá bhrí sin, na MRLanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh na dtáirgí sin, ba cheart iad a ísliú go dtí an teorainn chinnidh.

(8) Maidir le feanbúconasól, i gcás táirgí ainmhithe, léiríodh leis an ualach cothaithe beostoic ríofa nár sáraíodh an tairseach agus iarmhair MTD trí phrabhait úll agus prabhait torthaí citris thriomaithe á gcur san áireamh. Rinne an tÚdarás measúnú ar an bhfaisnéis nua a soláthraíodh agus níor shainaithin sé aon ábhar imní maidir le hiontógáil an tomhaltóra. Dá bhrí sin, MRLanna le haghaidh ae, duán agus scairteach inite ó mhucra, ó chaoirigh, ó ghabhair, ó eachainmhithe agus ó ainmhithe talún feirme eile, ba cheart iad a choinneáil ar bun. Maidir le bainne, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne Saotharlann tagartha AE, an teorainn chinnidh de 0,05 mg/kg a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ba cheart í a ísliú go dtí 0,01 mg/kg.

(9) Maidir le peanconasól, an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le staidéar ionadaíoch ar mheitibileacht na mbarr príomhúil, trialacha breise ar iarmhair, agus cobhsaíocht stórála na meitibilítí ábhartha, cuireadh isteach an fhaisnéis sin i gcás sméara dubha agus sútha craobh. Tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí sin agus léirítear leis na trialacha nua ar iarmhair gur gá MRL níos airde a bheith ann. Dheimhnigh an tÚdarás ([6]) go bhfuil an MRL níos airde sábháilte do thomhaltóirí, agus dá bhrí sin ba cheart an MRL atá ann cheana a ardú.

(10) Tugadh aghaidh freisin ar bhearna sonraí le haghaidh peanconasóil i gcás puimcíní agus mealbhacáin uisce, rud a dheimhnigh an MRL atá ann cheana agus ar cheart é a choinneáil ar bun.

(11) Cuireadh isteach sonraí trialach maidir le peanconasól le haghaidh torthaí póma agus plumaí óna bhféadfaí MRLanna níos airde a dhíorthú i bprionsabal. Cé nár soláthraíodh na sonraí a bhí in easnamh maidir le trialacha ar iarmhair ina ndearnadh anailís go comhuaineach ar na sainmhínithe ar iarmhair le haghaidh faireacháin agus measúnú riosca, bhí an tÚdarás in ann fachtóir coinbhéartachta a úsáid chun an difríocht idir na sainmhínithe ar iarmhair a chur san áireamh. Ós rud é nár luaigh an tÚdarás go raibh riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a ardú ar bhonn na sonraí nua.

(12) Maidir le peanconasól, cuireadh isteach sonraí trialach leordhóthanacha le haghaidh aibreog, péitseog agus fíonchaora boird agus fíona ónar féidir MRLanna níos ísle a dhíorthú, agus le haghaidh silíní, spíonán, trátaí agus ubhthorthaí chun tacú leis na MRLanna atá ann cheana. Cé nár soláthraíodh na trialacha ar iarmhair a bhí in easnamh, trialacha ina ndearnadh anailís go comhuaineach ar na sainmhínithe ar iarmhair le haghaidh faireacháin agus measúnú riosca, bhí an tÚdarás in ann fachtóir coinbhéartachta a úsáid chun an difríocht idir na sainmhínithe ar iarmhair a chur san áireamh. Ós rud é nár luaigh an tÚdarás go raibh riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart, dá bhrí sin, na MRLanna a ísliú go leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás le haghaidh aibreog, péitseog agus fíonchaora boird agus fíona, agus ba cheart na MRLanna atá ann cheana le haghaidh silíní, spíonán, trátaí agus ubhthorthaí a choinneáil ar bun.

(13) Gach fonóta lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach, ba cheart é a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh feanbúconasóil agus peanconasóil.

(14) Ina theannta sin, an 6 Feabhra 2023 ([7]) ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius CXL nua le haghaidh feanbúconasóil i dtae glas agus dubh (é coipthe agus triomaithe).

([6]) EFSA 2023. Tuairim réasúnaithe maidir leis an meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh peanconasóil. Iris EFSA 2023;21(3):7889, lch. 52 , https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7889.

([7]) Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. An Cúigiú Seisiún is Ceathracha. Ceanncheathrú FAO, An Róimh, An Iodáil. An 21–25 Samhain 2022, an 12–13 Nollaig 2022 agus an 19 Nollaig 2022 — an 6 Feabhra 2023. fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-45%252FFinal%2BReport%2BCAC45%252FCompiled%2BREP22_CAC.pdf.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, cuirfear san áireamh iad i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí bia an Aontais, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí an bhia a chomhlíonadh nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas chun comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus a áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(16) Rinne an tÚdarás measúnú ar na rioscaí atá ag gabháil le CXL do thomhaltóirí agus d'fhoilsigh sé tuarascáil eolaíoch ([9]). I gcásanna nár shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas ina leith, agus dá bhrí sin nár chuir an tAontas ábhar imní ([10]) faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí, is féidir a mheas go bhfuil na CXLanna sábháilte. Is amhlaidh atá i gcás an CXL le haghaidh feanbúconasóil i dtae glas agus dubh (é coipthe agus triomaithe), agus dá bhrí sin ba cheart é a áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(17) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha AE maidir leis an ngá teorainneacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid go gceadaítear teorainneacha cinnidh níos ísle a shocrú le forbairtí teicniúla i gcás táirgí áirithe.

(18) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(20) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí atá curtha ar an margadh san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun.

(21) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, beidh feidhm aige go fóill maidir leis na táirgí a cuireadh ar mhargadh an Aontais roimh an 24 Lúnasa 2025.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1), LI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

([9]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2022. Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú sa 53ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR). Iris EFSA 2022;20(9):7521, lch. 310 https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7521.

([10]) https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-53%252FCRDs%252Fpr53_crd13revx.pdf.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Lúnasa 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh feanbúconasóil agus peanconasóil:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	**Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo** [a]	**Feanbúconasól (an tsuim d'eanantaiméirí comhábhartha)**	**Peanconasól (an tsuim d'isiméirí comhábhartha) (F)**
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**		
0110000	**Torthaí citris**		0,01 (*)
0110010	Seadóga	**0,5**	
0110020	Oráistí	**0,5**	
0110030	Líomóidí	1	
0110040	Líomaí	1	
0110050	Mandairíní	0,5	
0110990	Eile (2)	0,5	
0120000	**Cnónna crann**	0,01 (*)	0,01 (*)
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	**Torthaí póma**	0,5	**0,3**
0130010	Úlla		**0,3**
0130020	Piorraí		**0,3**
0130030	Cainchí		**0,3**
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		**0,3**
0130050	Locuatanna		**0,3**
0130990	Eile (2)		**0,3**

(1)	(2)	(3)	(4)
0140000	**Torthaí cloiche**		
0140010	Aibreoga	**0,01** (*)	**0,07**
0140020	Silíní (iad milis)	1	0,15
0140030	Péitseoga	**0,5**	**0,07**
0140040	Plumaí	**0,01** (*)	**0,15**
0140990	Eile (2)	0,6	0,01 (*)
0150000	**Caora agus torthaí beaga**		
0151000	(a) **fíonchaora**	**0,01** (*)	**0,4**
0151010	Fíonchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	(b) **sútha talún**	0,01 (*)	0,5
0153000	(c) **torthaí cána**	0,01 (*)	
0153010	Sméara dubha		**0,4**
0153020	Eithreoga		0,01 (*)
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		**0,4**
0153990	Eile (2)		0,01 (*)
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**		
0154010	Fraocháin	0,5	0,01 (*)
0154020	Mónóga	**0,01** (*)	0,01 (*)
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	0,01 (*)	2
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	0,01 (*)	0,1
0154050	Mogóirí róis	0,01 (*)	0,01 (*)
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	0,01 (*)	0,01 (*)
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	0,01 (*)	0,01 (*)
0154080	Caora troim	0,01 (*)	0,01 (*)
0154990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**	**0,01** (*)	0,01 (*)
0161000	(a) **craiceann inite**		
0161010	Dátaí		
0161020	Figí		
0161030	Ológa boird		
0161040	Cumcuait		
0161050	Torthaí réaltúla		
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		
0161070	Plumaí láva		
0161990	Eile (2)		
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**		
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		

(1)	(2)	(3)	(4)
0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**		
0163010	Abhacáid		
0163020	Bananaí		
0163030	Mangónna		
0163040	Papánna		
0163050	Pomagránaití		
0163060	Céiriomoighe		
0163070	Guábhaí		
0163080	Anainn		
0163090	Torthaí aráin		
0163100	Duraígh		
0163110	Úlla deilgneacha		
0163990	Eile (2)		
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**		
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	0,01 (*)	0,01 (*)
0211000	(a) **prátaí**		
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**		
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**		
0213010	Meacain bhiatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		
0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		
0213080	Raidisí		
0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		
0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0220000	**Glasraí bleibíní**	0,01 (*)	0,01 (*)
0220010	Gairleog		
0220020	Oinniúin		
0220030	Seallóidí		
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		
0220990	Eile (2)		
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	**0,01** (*)	
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**		
0231010	Trátaí		0,1
0231020	Piobair		0,2
0231030	Ubhthorthaí		0,1
0231040	Ocra		0,01 (*)
0231990	Eile (2)		0,01 (*)
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**		0,06
0232010	Cúcamair		
0232020	Gircíní		
0232030	Cúirséid		
0232990	Eile (2)		
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**		0,15
0233010	Mealbhacáin		
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	(d) **arbhar milis**		0,01 (*)
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**		0,01 (*)
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	0,01 (*)	0,01 (*)
0241000	(a) **praiseach bhlátha**		
0241010	Brocailí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		
0242000	(b) **praiseach chinn**		
0242010	Bachlóga Bruiséile		
0242020	Cabáistí cinn		
0242990	Eile (2)		
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**		
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0244000	(d) **cálráibí**		
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**		
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	0,01 (*)	0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain		
0251020	Leitísí		
0251030	Searbháin muc		
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile		
0251050	Biolair thalún		
0251060	Roicéad Rómánach/rucola		
0251070	Mustard dearg		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		
0251990	Eile (2)		
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	0,01 (*)	0,01 (*)
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsleáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	0,02 (*)	0,02 (*)
0256010	Costóg		
0256020	Síobhas		
0256030	Duilleoga soilire		
0256040	Peirsil		
0256050	Sáiste		
0256060	Marós		
0256070	Tím		
0256080	Basal agus bláthanna inite		
0256090	Duilleog labhrais		
0256100	Dragan		
0256990	Eile (2)		
0260000	**Léagúim**	0,01 (*)	0,01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga orthu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga orthu)		
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga orthu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga orthu)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0270000	**Glasraí gais**	0,01 (*)	
0270010	Lus súgach		0,01 (*)
0270020	Cardúin		0,01 (*)
0270030	Soilirí		0,01 (*)
0270040	Finéal Fhlórans		0,01 (*)
0270050	Bliosáin chruinne		0,06
0270060	Cainneanna		0,01 (*)
0270070	Biabhóg		0,01 (*)
0270080	Péacáin bhambú		0,01 (*)
0270090	Croíthe pailme		0,01 (*)
0270990	Eile (2)		0,01 (*)
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)	
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	**0,01** (*)	0,01 (*)
0401000	**Olashíolta**		
0401010	Ros lín		
0401020	Piseanna talún		
0401030	Síolta poipín		
0401040	Síolta seasamain		
0401050	Síolta lus na gréine		
0401060	Síolta ráibe		
0401070	Pónairí soighe		
0401080	Síolta mustaird		
0401090	Síolta cadáis		
0401100	Síolta puimcín		
0401110	Síolta cróch bréige		
0401120	Síolta borráiste		
0401130	Caimilín		
0401140	Síolta cnáibe		
0401150	Pónairí ricne		
0401990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0402000	**Olathorthaí**		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		
0402020	Eithní pailme ola		
0402030	Torthaí pailme oila		
0402040	Capac		
0402990	Eile (2)		
0500000	**GRÁNAIGH**	**0,01** (*)	0,01 (*)
0500010	Eorna		
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce		
0500060	Rís		
0500070	Seagal		
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht		
0500990	Eile (2)		
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**		0,05 (*)
0610000	**Taenna**	**30**	
0620000	**Pónairí caife**	0,05 (*)	
0630000	**Insiltí luibhe ó**	0,05 (*)	
0631000	(a) **bláthanna**		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		
0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		
0633000	(c) **fréamhacha**		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**		
0640000	**Pónairí cócó**	0,05 (*)	

(1)	(2)	(3)	(4)
0650000	**Carúib**	0,05 (*)	
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 (*)	0,05 (*)
0800000	**SPÍOSRAÍ**		
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aitil		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**		
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)		
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**		
1010000	**Tráchtearraí ó**		
1011000	(a) **mucra**		0,05
1011010	Matán	0,05 (*)	
1011020	Saill	0,05 (*)	
1011030	An t-ae	0,1	
1011040	An duán	0,1	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,1	
1011990	Eile (2)	0,05 (*)	
1012000	(b) **bó-ainmhí**		0,05
1012010	Matán	0,05 (*)	
1012020	Saill	0,05 (*)	
1012030	An t-ae	0,1	
1012040	An duán	0,1	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,1	
1012990	Eile (2)	0,05 (*)	
1013000	(c) **caoraigh**		0,05
1013010	Matán	0,05 (*)	
1013020	Saill	0,05 (*)	
1013030	An t-ae	0,1	
1013040	An duán	0,1	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,1	
1013990	Eile (2)	0,05 (*)	
1014000	d) **gabhar**		0,05
1014010	Matán	0,05 (*)	
1014020	Saill	0,05 (*)	
1014030	An t-ae	0,1	
1014040	An duán	0,1	

(1)	(2)	(3)	(4)
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,1	
1014990	Eile (2)	0,05 (*)	
1015000	(e) **eachaí**		0,05
1015010	Matán	0,05 (*)	
1015020	Saill	0,05 (*)	
1015030	An t-ae	0,1	
1015040	An duán	0,1	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,1	
1015990	Eile (2)	0,05 (*)	
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	0,05 (*)	
1016010	Matán		0,05
1016020	Saill		0,01 (*)
1016030	An t-ae		0,05
1016040	An duán		0,05
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		0,05
1016990	Eile (2)		0,01 (*)
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**		0,05
1017010	Matán	0,05 (*)	
1017020	Saill	0,05 (*)	
1017030	An t-ae	0,1	
1017040	An duán	0,1	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,1	
1017990	Eile (2)	0,05 (*)	
1020000	**Bainne**	**0,01** (*)	0,01 (*)
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		
1030000	**Uibheacha éan**	0,05 (*)	0,05
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,05 (*)	0,01 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,05 (*)	0,01 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,05 (*)	0,05

(1)	(2)	(3)	(4)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**		
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**		
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**		

(*) Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh
(a) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de bhunadh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart Iarscríbhinn I a cheadú
(+) Comhcheangal táirge-lotnaidicíde a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Peanconasól (an tsuim d'isiméirí comhábhartha) (F)

(F) Intuaslagtha i saill'